RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1079 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Meitheamh 2021

lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/880 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú ([1]), agus go háirithe Airteagail 3(6), 4(12), 5(3) agus 8(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun Rialachán (AE) 2019/880 a chur chun feidhme go cuí, is gá rialacha sonracha a leagan síos chun córas ceadúnúcháin allmhairiúcháin a bhunú le haghaidh catagóirí áirithe earraí cultúir a liostaítear i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) Is gá freisin rialacha a leagan síos maidir le córas maidir le ráitis ón allmhaireoir le haghaidh na gcatagóirí a liostaítear i gCuid C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/880.

(3) Thairis sin, is gá rialacha a leagan síos maidir leis na heisceachtaí ar na ceanglais a bhaineann le ceadúnas allmhairiúcháin a fháil nó ráiteas ón allmhaireoir a chur isteach faoi choinníollacha áirithe.

(4) Ba cheart earraí cultúir atá i ngarbhaol a scriosta nó a gcaillte i dtríú tír a shlánchoimeád i dtearmainn san Aontas chun a ráthú go mbeidh siad sábháilte, go gcoinneofar i staid mhaith iad agus go gcuirfear ar ais go sábháilte iad nuair a cheadaítear amhlaidh. Chun a áirithiú nach ndéanfar earraí cultúir a thugtar ar iontaoibh lena slánchoimeád a atreorú san Aontas agus a chur ar an margadh, ba cheart na tearmainn a bheith faoi mhaoirseacht eintiteas poiblí nó á n-oibriú acu agus ba cheart na hearraí cultúir leanúint de bheith faoina maoirseacht dhíreach gach tráth.

(5) Maidir le hearraí cultúir a thugtar ar iontaoibh lena slánchoimeád i dtearmann i mBallstát, ba cheart iad a chur faoi nósanna imeachta custaim oiriúnacha lena ráthófaí go ndéanfaí iad a stóráil go ceann tréimhse neamhchinntithe, agus ba cheart socruithe a dhéanamh i gcás ina meastar go mairfidh an staid riosca sa tríú tír go ceann tamall fada. Chun go bhféadfaidh an pobal tairbhiú de láithreacht shealadach na n-earraí cultúir sin i gcríoch an Aontais, ba cheart a cheadú go ndéanfaí iad a thaispeáint in áitreabh arna oibriú ag an eintiteas céanna a oibríonn an tearmann ábhartha, faoi réir toiliú roimh ré ón tríú tír agus, i gcás ina mbeidh na hearraí curtha faoin nós imeachta stórála custaim, faoi réir réamhúdarú ó na húdaráis chustaim i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Níor cheart aistriú na n-earraí chuig áitreabh taispeántais a cheadú ach amháin i gcás ina bhféadfar a áirithiú go mbeidh siad sábháilte agus go gcoinneofar i staid mhaith iad.

(6) Maidir leis an díolúine ó cheadúnas allmhairiúcháin a fháil nó ráiteas ón allmhaireoir a chur faoi bhráid na n-údarás custaim i gcás cead isteach sealadach earraí cultúir chun críche oideachais, eolaíochta, caomhnaithe, athchóirithe, taispeántais, digitithe, taibhealaíon, taighde arna dhéanamh ag institiúidí acadúla, nó chun críche comhair idir músaeim nó institiúidí comhchosúla, ba cheart í a shocrú ar bhealach lena n-áiritheofar nach bhfuil na hearraí cultúir le húsáid ach amháin chun na gcríoch sin. Meastar go bhfuil bunaíochtaí agus institiúidí san earnáil phoiblí iontaofa maidir le húsáid na n-earraí cultúir arna n-allmhairiú go sealadach; dá bhrí sin, níor cheart a cheangal orthu ach amháin clárú sa chóras leictreonach. Ba cheart a cheadú d'institiúidí nó do bhunaíochtaí arna rialú leis an dlí príobháideach, nó leis an dlí príobháideach agus leis an dlí poiblí araon, tairbhiú den díolúine freisin, ar choinníoll go ndeimhneoidh an t-údarás inniúil a gclárú sa chóras leictreonach ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, ba cheart an díolúine sin a chur chun feidhme ar bhealach lena n-áiritheofaí go mbeidh na réada céanna a ligtear isteach go sealadach ar na cinn a ath-onnmhaireofar i ndeireadh an nós imeachta agus go bhféadfaidh na húdaráis chustaim na bunaíochtaí tairbhí a shainaithint go héasca tríd an gcóras láraithe leictreonach.

([1]) IO L 151, 7.6.2019, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

(7) Chun go n-áiritheofar inrianaitheacht na n-earraí cultúir a ligtear isteach go sealadach mar dhíolúine ar an gceanglas a bhaineann le ceadúnas allmhairiúcháin nó ráiteas ón allmhaireoir faoi Airteagal 3(4), pointí (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2019/880, is iomchuí rialacha a leagan síos maidir leis an tuairisc ar na hearraí sin ba cheart a uaslódáil chuig an gcóras leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 8 den Rialachán sin.

(8) Ionas go gcuirfear Airteagal 3(5) de Rialachán (AE) 2019/880 i bhfeidhm mar is ceart agus go n-áiritheofar cur chun feidhme aonfhoirmeach agus go gcoiscfear mí-úsáid na díolúine arna déanamh ag asraonta díolacháin buana amhail siopaí ceantála, siopaí seandachta agus dánlanna, ba cheart d'aonaigh ealaíne tráchtála coinníollacha áirithe a chomhlíonadh maidir lena bhfad, lena gcríoch agus lena n-inrochtaineacht don phobal, agus maidir leis an bpoiblíocht a thugtar dóibh chomh maith leis sin.

(9) Chun go n-áiritheofar cur chun feidhme aonfhoirmeach fhorálacha Rialachán (AE) 2019/880 maidir le ceadúnais allmhairiúcháin, tá gá le rialacha lena rialaítear tarraingt suas, cur isteach agus scrúdú iarratas agus eisiúint agus bailíochtú na gceadúnas ábhartha ag úsáid an chórais láraithe leictreonaigh.

(10) Chun go gcosnófar úsáid neamhrialta ceadúnais allmhairiúcháin a bheidh cúlghairthe ag údarás inniúil, ba cheart foláireamh a thabhairt sa chóras leictreonach maidir le hallmhairiú earraí cultúir dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/880, lena dtarraingítear aird údarás custaim agus údarás inniúil ó na Ballstáit eile.

(11) Bunáitíocht dhleathach earra cultúir a bheidh allmhairithe san am a chuaigh thart san Aontas faoi cheadúnas allmhairiúcháin, beidh sí scrúdaithe cheana ag údarás inniúil de chuid Ballstáit. Chun comhsheasmhacht leis an measúnú sin a áirithiú agus chun an trádáil a éascú, ba cheart iarratas nua maidir le hath-allmhairiú an earra cultúir chéanna a bheith faoi réir ceanglais shimplithe.

(12) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/880, cuirtear tús leis an tréimhse 90 lá ina bhféadfaidh údarás inniúil cinneadh a dhéanamh i dtaobh iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin ón tráth a fhaigheann an t-údarás sin iarratas iomlán. Chun an chóir chomhionann agus próiseáil chaoithiúil maidir le hiarratais cheadúnais a áirithiú, i gcás ina measfar gur gá faisnéis sa bhreis ar an bhfaisnéis arna cur isteach ag an iarratasóir lena iarratas leictreonach, agus sin chun onnmhairiú dlíthiúil a léiriú, níor cheart tús a chur leis an tréimhse 90 lá ach amháin ón tráth a bheidh an fhaisnéis bhreise arna hiarradh curtha isteach ag an iarratasóir trína huaslódáil chuig an gcóras leictreonach. Ós rud é gur ar an iarratasóir atá an dualgas cruthúnais chun onnmhairiú dlíthiúil a léiriú, nuair nach mbeidh an fhaisnéis bhreise arna hiarraidh curtha faoi bhráid an údaráis inniúil laistigh den sprioc-am a bheidh leagtha síos, ba cheart diúltú don iarratas mar iarratas neamhiomlán.

(13) Chun go gcuirfear cosc le hearraí cultúir arna n-onnmhairiú go neamhdhleathach ó thríú tír a thabhairt isteach san Aontas, ba cheart doiciméid áirithe nó faisnéis lena ndeimhneofaí an t-onnmhairiú dlíthiúil arna dhéanamh ag na húdaráis tríú tír, agus lena sainaithneofaí go leordhóthanach na hearraí cultúir agus lena ngeallfaí dliteanas an allmhaireora, a chur isteach i gcónaí le hiarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin nó a bheith i seilbh an dearbhóra ag a bhfuil ráiteas ón allmhaireoir á chur isteach, i gcás ina n-iarrfaidh na húdaráis chustaim go gcuirfear i láthair iad.

(14) Chun go bhféadfaidh iarratasóirí an bhunáitíocht dhlíthiúil a chruthú i gcás inarb amhlaidh nach raibh córas deimhniúcháin onnmhairiúcháin ag an tír inar cruthaíodh nó inar aimsíodh an t-earra tráth an onnmhairiúcháin, ba cheart a cheadú d'oibreoirí teaglaim d'fhoirmeacha eile fianaise a chur isteach mar thaca lena n-iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin nó a bheith ina seilbh acu. Sa chás sin, ba cheart do na Ballstáit a cheangal ar an oibreoir an oiread cineálacha éagsúla fianaise is féidir a sholáthar, lena n-áirítear stair agus úinéireacht an réada trínar féidir a bharántúlacht agus a úinéireacht a chinneadh.

(15) Chun a áirithiú go mbeidh na ráitis ón allmhaireoir, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2019/880 aonfhoirmeach, is gá rialacha lena rialaítear tarraingt suas an dearbhaithe shínithe sa chóras láraithe leictreonach agus inneachar na tuairisce caighdeánaithe ar an earra cultúir.

(16) Is gá do na húdaráis chustaim rialuithe a dhéanamh, seachas seiceálacha randamacha, bunaithe go príomha ar anailís riosca. Chun a áirithiú go mbeidh an réad arna chur i láthair na n-údarás custaim ar an gceann a bhfuarthas an ceadúnas allmhairiúcháin lena aghaidh nó ar tarraingíodh suas an ráiteas ón allmhaireoir lena aghaidh, ba cheart do na húdaráis chustaim rialuithe a dhéanamh trí chritéir bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail 46 go 49 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(17) Le Rialachán (AE) 2019/880 déantar foráil maidir le bunú córais láraithe leictreonaigh arna dhéanamh ag an gCoimisiún chun bainistíocht a dhéanamh ar allmhairiú earraí cultúir ó thríú tíortha isteach i gcríoch chustaim an Aontais. Ba cheart socruithe mionsonraithe a leagan síos maidir le hoibriú, úsáid, rochtain, forálacha teagmhasacha agus slándáil an chórais sin agus na faisnéise arna stóráil nó arna malartú tríd an gcóras.

(18) Chun leibhéal leordhóthanach slándála a áirithiú maidir le modhanna leictreonacha sainaitheantais agus deimhniúchán leictreonach agus chun próisis a dhigitiú agus a chomhchuibhiú, le ceadúnais allmhairiúcháin agus ráitis ón allmhaireoir, ba cheart na caighdeáin maidir le ríomhshínithe, ríomhshéalaí agus ríomhstampaí ama a chomhlíonadh ina leibhéil éagsúla dearbhaithe céannachta a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1506 ón gCoimisiún ([4]).

(19) Maidir le rochtain ar an inneachar i gceadúnais allmhairiúcháin, iarratais ina leith, ráitis ón allmhaireoir agus aon fhaisnéis nó doiciméad arna cur isteach nó arna chur isteach mar thaca leo, níor cheart í a fhorchoimeád ach amháin d'údaráis na mBallstát atá i gceannas ar Rialachán (AE) 2019/880 a chur chun feidhme agus do na hiarratasóirí agus do na dearbhóirí féin. Mar sin féin, chun an trádáil a éascú, amhail i gcás aistriú úinéireachta ar earra cultúir allmhairithe, ba cheart a cheadú do shealbhóirí ceadúnas allmhairiúcháin nó do thionscnóirí ráiteas ón allmhaireoir rochtain a thabhairt do thríú páirtithe ar a gceadúnais nó ar a ráitis féin.

(20) Féadfaidh na Ballstáit srian a chur le líon na n-oifigí custaim a bheidh in ann foirmiúlachtaí allmhairiúcháin maidir le hearraí cultúir a phróiseáil. Ionas go mbeidh allmhaireoirí ar an eolas faoi na hoifigí custaim is iomchuí chun foirmiúlachtaí allmhairiúcháin a dhéanamh, ba cheart an fhaisnéis sin a chur ar fáil dóibh agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta sa chóras láraithe leictreonach.

(21) Foráiltear le Rialachán (AE) 2019/880 go mbeidh feidhm ag Airteagal 3(2) go (5), (7) agus (8), Airteagal 4(1) go (10), Airteagal 5(1) agus (2) agus Airteagal 8(1) de ón dáta a thiocfaidh an córas leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 8 de chun bheith oibríochtúil nó ar a dhéanaí ón 28 Meitheamh 2025. Dá bhrí sin, ba cheart an dáta ónar cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo a chur siar dá réir sin.

(22) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus thug sé tuairim an 23 Aibreán 2021.

(23) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Earraí Cultúir ([6]),

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1506 ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos sonraíochtaí i ndáil le formáidí ríomhshínithe ardleibhéil agus ríomhshéalaí ardleibhéil atá le haithint ag comhlachtaí san earnáil phoiblí de bhun Airteagail 27(5) agus 37(5) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach (IO L 235, 9.9.2015, lch. 37).

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([6]) Airteagal 8 ó Rialachán (CE) Uimh. 116/2009 ón gComhairle an 18 Nollaig 2008 maidir le hearraí cultúir a onnmhairiú (IO L 39, 10.2.2009, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'tearmann' saoráid stórála shlán laistigh de chríoch chustaim an Aontais, saoráid atá ainmnithe ag Ballstát chun go slánchoimeádfar earraí cultúir a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na seandálaíochta, na réamhstaire, na staire, na litríochta, na healaíne nó na heolaíochta de agus a bhfuil garbhagairt thromchúiseach ann go scriosfaí nó go gcaillfí iad dá bhfanfaidís ag a suíomh reatha;

(2) ciallaíonn 'tríú tír' tír nó críoch lasmuigh de chríoch chustaim an Aontais, mar a shainmhínítear in Airteagal 1(11) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([7]);

(3) ciallaíonn 'tír leasa' an tríú tír inar cruthaíodh nó inar aimsíodh an t-earra cultúir atá le hallmhairiú nó an tír dheireanach inar aimsíodh an t-earra cultúir ar feadh tréimhse is faide ná 5 bliana chun críoch eile seachas chun críoch úsáide sealadaí, idirthurais, ath-onnmhairiúcháin nó trasloingsithe, i gcomhréir le hAirteagail 4(4) agus 5(2) de Rialachán (AE) 2019/880;

(4) ciallaíonn 'córas ICG' an córas leictreonach le haghaidh allmhairiú earraí cultúir dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/880;

(5) ciallaíonn 'TRACES' an córas dá dtagraítear in Airteagal 133(4) de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]);

(6) ciallaíonn 'ríomhshíniú' ríomhshíniú mar a shainmhínítear in Airteagal 3(10) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014;

(7) ciallaíonn 'ríomhshéala ardleibhéil' ríomhshéala lena gcomhlíontar na sonraíochtaí teicniúla a leagtar síos i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1506 ón gCoimisiún;

(8) ciallaíonn 'ríomhshéala cáilithe' ríomhshéala cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3(27) de Rialachán (AE) 910/2014;

(9) ciallaíonn 'ríomhstampa ama cáilithe' ríomhstampa ama cáilithe mar a shainmhínítear in Airteagal 3(34) de Rialachán (AE) 910/2014;

(10) ciallaíonn 'uimhir EORI' uimhir chláraithe agus aitheantais oibreoirí eacnamaíochta mar a shainmhínítear in Airteagal 1(18) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún.

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1).

([8]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

CAIBIDIL II

SOCRUITHE MIONSONRAITHE LE hAGHAIDH DÍOLÚINE Ó CHEANGLAIS DHOICIMÉADACHA

Airteagal 2

Slánchoimeád

1. Na Ballstáit a allmhairíonn earraí cultúir chun críche slánchoimeádta, cruthóidh siad tearmainn chun iad a stóráil iontu. Beidh na saoráidí stórála sin feistithe go sonrach chun earraí cultúir a fháil agus chun a áirithiú go mbeidh siad sábháilte agus go gcoinneofar i staid mhaith iad. Ní fhéadfar saorchriosanna dá dtagraítear in Airteagal 243 de Rialachán (AE) 952/2013 a ainmniú mar thearmann.

2. I gcás ina gcruthóidh Ballstát tearmann, ainmneoidh sé údarás poiblí chun é a oibriú nó chun maoirseacht a dhéanamh ar a oibríocht agus uaslódálfaidh sé sonraí teagmhála an údaráis sin chuig córas ICG. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil ar an idirlíon.

3. Ní fhéadfaidh na Ballstáit ach amháin údaráis stáit, réigiúnacha nó áitiúla nó comhlachtaí den chineál céanna arna rialú leis an dlí poiblí a ainmniú, ós rud é go sainmhínítear iad sin in Airteagal 2(1) pointe (4) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), mar údaráis phoiblí chun tearmann a oibriú nó maoirseacht a dhéanamh ar a oibríocht.

4. Earraí cultúir a bhaineann leis na catagóirí a liostaítear i gCodanna B agus C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/880, earraí a bhfuil tábhacht leo ó thaobh na seandálaíochta, na réamhstaire, na staire, na litríochta, na healaíona nó na heolaíochta, féadfar iad a chur go sealadach i dtearmann laistigh de chríoch chustaim an Aontais ionas nach scriosfar ná nach gcaillfear iad de dheasca coinbhleacht armtha, tubaiste nádúrtha nó staideanna éigeandála eile lena ndéantar difear don tríú tír atá i gceist.

5. Maidir le hallmhairiú earraí cultúir chun na críche dá dtagraítear in Airteagal 3(4) pointe (b) de Rialachán (AE) 2019/880 ceanglófar leis sin go nglacfar le hiarraidh oifigiúil ar shlánchoimeád a chuirfidh údarás poiblí de chuid an tríú tír a shealbhaíonn nó a choinníonn na hearraí cultúir faoi bhráid an údaráis phoiblí san Aontas , arb é an t-údarás poiblí san Aontas é a bheidh ainmhithe chun an tearmann ina bhfuil na hearraí cultúir le cur a oibriú nó chun maoirseacht a dhéanamh ar an oibríocht sin.

6. In éagmais socrú sonrach idir na páirtithe, maidir leis na costais a bhaineann leis na hearraí cultúir a chuirtear i dtearmann a stóráil agus a choinneáil ar bun, is é an Ballstát atá ina óstach ar an tearmann sin a íocfaidh iad.

7. Beidh feidhm ag an méid seo a leanas maidir leis an nós imeachta custaim faoinar féidir earraí cultúir a chur fad atá siad stóráilte i dtearmann:

(a) Dearbhóidh an t-eintiteas a oibríonn an tearmann na hearraí cultúir atá le cur faoin nós imeachta stórála custaim príobháidí i gcomhréir le hAirteagal 240 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, ar choinníoll go gcoinníonn an t-eintiteas údarú chun stóras custaim príobháideach a oibriú in áitreabh an tearmainn sin.

(b) De rogha air sin, féadfaidh an t-eintiteas a oibríonn an tearmann na hearraí cultúir a dhearbhú lena scaoileadh i saorchúrsaíocht le faoiseamh ó dhleacht ar allmhairí, i gcomhréir le hAirteagail 42 go 44 de Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle ([10]).

(c) Féadfaidh an t-eintiteas a oibríonn an tearmann na hearraí cultúir a chur faoin nós imeachta um chead isteach sealadach i dtosach. Nuair a roghnaítear an nós imeachta custaim sin, déanfar socruithe chun go gcuirfear na hearraí ina dhiaidh sin faoi cheann de na nósanna imeachta faoi phointe (a) nó (b) i gcás ina n-éagann an tréimhse uasta um chead isteach sealadach a leithdháiltear faoi Airteagal 251 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus nach ndeonaítear síneadh a chur léi, fad nach féidir na hearraí a chur ar ais chuig an tríú tír go sábháilte go fóill.

8. Féadfar na hearraí cultúir a aistriú go sealadach ó áitreabh an tearmainn chun iad a thaispeáint don phobal, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) beidh a toiliú tugtha ag an tríú tír óna mbeidh na hearraí cultúir allmhairithe;

([9]) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

([10]) Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 ón gComhairle an 16 Samhain 2009 lena mbunaítear Córas Comhphobail d'fhaoisimh ó dhleacht chustaim (IO L 324, 10.12.2009, lch. 23).

(b) beidh an t-aistriú údaraithe ag na húdaráis inniúla i gcomhréir le hAirteagal 240(3) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(c) leis an áitreabh a ainmnítear chun críche taispeána tairgtear na coinníollacha iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar na hearraí a chosaint, a chaomhnú agus a choinneáil ar bun.

Airteagal 3

Cead isteach sealadach chun críche oideachais, eolaíochta nó taighde

1. Beidh cead isteach sealadach earraí cultúir de bhun Airteagal 3(4) pointe (c) de Rialachán (AE) 2019/880 ceadaithe gan ceadúnas allmhairiúcháin ná ráiteas ón allmhaireoir chun na gcríoch seo a leanas:

(a) úsáid eisiach na n-earraí cultúir ag bunaíochtaí eolaíochta, teagaisc nó gairmoiliúna poiblí sa réimse teagaisc, gairmoiliúna nó taighde eolaíochta agus faoina bhfreagracht;

(b) iasachtú sealadach ag músaeim agus ag institiúidí comhchosúla i dtríú tíortha, ar earraí cultúir a bhaineann lena mbailiúcháin bhuana do mhúsaem poiblí nó d'institiúid chomhchosúil laistigh de chríoch chustaim an Aontais chun go dtaispeánfaidh an músaem nó an institiúid sin na hearraí cultúir sin don phobal nó chun go n-úsáidfear i dtaibhithe ealaíonta iad;

(c) digitiú, eadhon caomhnú a n-íomhánna nó a bhfuaimeanna i bhfoirm a oireann do tharchur agus do phróiseáil le ríomhaire, arna dhéanamh ag bunaíocht atá feistithe go hoiriúnach chun na críche sin agus faoi fhreagracht agus maoirseacht músaeim phoiblí nó institiúide comhchosúla;

(d) athchóiriú nó caomhnú arna dhéanamh ag saineolaithe gairmiúla faoi fhreagracht músaeim phoiblí nó institiúide comhchosúla, ar choinníoll nach dtéann an chóireáil ná an láimhseáil sin thar a bhfuil riachtanach chun na hearraí cultúir a dheisiú, chun iad a athchóiriú le go mbeidh staid mhaith orthu nó chun iad a chaomhnú i staid mhaith.

2. Chun críocha mhír 1, tairgfidh an bhunaíocht nó an institiúid lena mbaineann na ráthaíochtaí uile a mheastar is gá chun go gcuirfear an t-earra cultúir ar ais sa staid chéanna don tríú tír agus chun gur féidir tuairisc nó marcáil a thabhairt ar an earra cultúir amhlaidh ionas nach mbeidh aon amhras ann, tráth an chead isteach shealadaigh, ach gurb é an t-earra atá á allmhairiú an earra céanna a ath-onnmhaireofar i ndeireadh an nós imeachta.

3. Gan dochar do mhír 1 ná do mhír 2, féadfaidh na Ballstáit díolúine a dheonú do bhunaíochtaí nó institiúidí príobháideacha nó leathphríobháideacha ina gcríoch de bhun Airteagal 3(4) pointe (c) de Rialachán (AE) 2019/880 chun na gcríoch a shonraítear i mír 1 den Airteagal seo, ar choinníoll go dtairgfidh siad na ráthaíochtaí is gá go gcuirfear an t-earra cultúir ar ais chuig an tríú tír i staid mhaith i ndeireadh an nós imeachta um chead isteach sealadach.

4. Chun tairbhiú de dhíolúine faoi mhír 1, cláróidh bunaíochtaí agus institiúidí poiblí agus bunaíochtaí nó institiúidí príobháideacha nó leathphríobháideacha iad féin i gcóras ICG. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil do na húdaráis chustaim san Aontas trí chóras ICG.

Airteagal 4

Inrianaitheacht

Soláthróidh sealbhóirí earraí cultúir atá díolmhaithe ó na ceanglais dhoiciméadacha a leagtar síos in Airteagal 3(4) pointí (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2019/880 tuairisc ghinearálta chaighdeánaithe ar na hearraí i gcóras ICG sula dtaiscfidh siad an dearbhú custaim comhfhreagrach.

Líonfar isteach an tuairisc ghinearálta de réir an fhoclóra sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn I i dteanga oifigiúil den Bhallstát ina bhfuil na hearraí le hallmhairiú.

Airteagal 5

Cead isteach sealadach earraí cultúir arna dtairiscint lena ndíol in aonaigh ealaíne tráchtála

1. Chun go mbeidh feidhm ag an díolúine a leagtar síos in Airteagal 3(5) de Rialachán (AE) 2019/880, comhlíonfaidh an t-aonach ealaíne tráchtála ag a bhfuil na hearraí le cur i láthair na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) is imeacht trádála lena bhfuil teorainn ama é, seachas ceant poiblí, ina dtaispeántar earraí cultúir d'fhonn díolachán a dhéanamh, más féidir;

(b) tá sé inrochtana ag an bpobal, gan beann ar cibé an bhfuil sé beartaithe ag an bpobal ceannachán a dhéanamh nó nach bhfuil;

(c) rinneadh fógraíocht air roimhe sin trí mheáin leictreonacha nó thraidisiúnta ar chúrsaíocht leathan, amhail nuachtáin, tréimhseacháin nó catalóga taispeántais.

2. Chun tairbhiú den díolúine a leagtar síos in Airteagal 3(5) de Rialachán (AE) 2019/880, tabharfar tuairisc nó marcáil amhlaidh ar earra cultúir ionas nach féidir aon amhras a bheith ann tráth an chead isteach shealadaigh ach go bhfuil an t-earra atá á allmhairiú mar an gcéanna leis an earra a ath-onnmhaireofar nó a chuirfear faoi nós imeachta custaim eile dá dtagraítear in Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2019/880 i ndeireadh an nós imeachta um chead isteach sealadach.

3. Chun críocha an dara habairt d'Airteagal 251(1) de Rialachán (AE) 952/2013, cinnfidh na húdaráis chustaim an tréimhse ar lena linn a fhéadfaidh earraí cultúir fanacht faoin nós imeachta um chead isteach sealadach agus an tréimhse is gá chun críoch taispeántais agus eisiúna ceadúnais allmhairiúcháin á cur san áireamh, i gcás ina bhfuil na hearraí le fanacht laistigh de chríoch chustaim an Aontais tar éis dheireadh an aonaigh ealaíne tráchtála.

4. I gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/880, déanfar an t-iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin a chur faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit ina ndearnadh an t-earra cultúir a allmhairiú den chéad uair agus a chur faoi chead isteach sealadach.

CAIBIDIL III

SOCRUITHE MIONSONRAITHE MAIDIR LEIS AN gCEADÚNAS ALLMHAIRIÚCHÁIN

Airteagal 6

Prionsabail ghinearálta

1. Rachaidh bailíocht ceadúnais allmhairiúcháin in éag in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) scaoiltear an t-earra cultúir i saorchúrsaíocht;

(b) níor úsáideadh an ceadúnas allmhairiúcháin ach amháin chun an t-earra cultúir a chur faoi cheann amháin nó níos mó de na nósanna imeachta custaim a luaitear in Airteagal 2(3) pointe (b) de Rialachán (AE) 2019/880 agus déantar an t-earra cultúir a ath-onnmhairiú ó chríoch chustaim an Aontais ina dhiaidh sin.

2. Eiseofar ceadúnas allmhairiúcháin ar leithligh le haghaidh gach earra cultúir.

Mar sin féin, i gcás ina mbeidh roinnt earraí cultúir i gcoinsíneacht, féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh an gcumhdófar earra cultúir amháin nó roinnt earraí cultúir sa choinsíneacht sin le ceadúnas allmhairiúcháin aonair.

3. Roimh cheadúnas allmhairiúcháin a eisiúint, féadfaidh an t-údarás inniúil a cheangal go gcuirfear na hearraí cultúir atá le hallmhairiú ar fáil dó chun go ndéanfar cigireacht fhisiceach orthu san oifig custaim nó in áitreabh eile laistigh dá dhlínse, áit ina gcoimeádtar na hearraí i stóráil shealadach. De dhiscréid an údaráis inniúil agus má mheastar gur gá, féadfar an chigireacht fhisiceach a dhéanamh ag úsáid nasc físe cianda.

4. Is é an t-iarratasóir a íocfaidh aon chostas a bhaineann le hiarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin.

5. Féadfaidh údarás inniúil ceadúnas allmhairiúcháin a bheidh eisithe aige a chúlghairm, mura bhfuil na coinníollacha faoinar deonaíodh é á gcomhlíonadh a thuilleadh. Déanfar an cinneadh riaracháin lena gcúlghairtear an ceadúnas allmhairiúcháin, i dteannta ráiteas ar na cúiseanna agus faisnéis ar an nós imeachta achomhairc, a chur in iúl do shealbhóir an cheadúnais allmhairiúcháin trí chóras ICG. Má chúlghairtear ceadúnas allmhairiúcháin, tabharfar foláireamh i gcóras ICG lena gcuirtear údaráis chustaim agus inniúla na mBallstát eile ar an eolas.

6. Má úsáidtear ceadúnais allmhairiúcháin, ní dhéanfar difear d'oibleagáidí a bhaineann le foirmeáltachtaí allmhairiúcháin custaim ná le doiciméid ghaolmhara.

Airteagal 7

Comhsheasmhacht ceadúnas allmhairiúcháin arna n-eisiúint

1. Féadfaidh sealbhóir earra cultúir, ar eisíodh ceadúnas allmhairiúcháin lena aghaidh roimh a onnmhairiú nó a ath-onnmhairiú ón Aontas, tagairt don cheadúnas sin in aon iarratas allmhairiúcháin nua.

2. Léireoidh an t-iarratasóir go ndearnadh an t-earra cultúir a onnmhairiú nó a ath-onnmhairiú ó chríoch chustaim an Aontais, agus go bhfuil an t-earra cultúir a bhfuil iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin curtha isteach lena aghaidh mar an gcéanna leis an gceann a ceadúnaíodh roimhe sin. Fíoróidh an t-údarás inniúil cé acu a chomhlíontar na coinníollacha sin nó nach gcomhlíontar agus eiseoidh sé ceadúnas allmhairiúcháin nua, bunaithe ar eilimintí an chinn roimhe sin, mura bhfuil amhras réasúnach air maidir le honnmhairiú dlíthiúil an earra cultúir ón tír leasa, bunaithe ar fhaisnéis nua.

Airteagal 8

Liosta de dhoiciméid tacaíochta chun an bhunáitíocht dhleathach a chruthú in iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin

1. Soláthróidh an t-iarratasóir fianaise don údarás inniúil lena léireofar go ndearnadh an t-earra cultúir atá i gceist a onnmhairiú ón tír leasa i gcomhréir lena dlí agus lena rialacháin nó soláthróidh sé fianaise lena léireofar nárbh ann do na dlíthe ná do na rialacháin sin an tráth a tógadh an t-earra cultúir amach óna críoch. Go háirithe:

(a) Áireofar san iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin dearbhú sínithe lena nglacfaidh an t-iarratasóir freagracht go sainráite as fírinneacht na ráiteas uile a dhéanfar san iarratas agus lena sonróidh sé go bhfuil an dícheall cuí uile feidhmithe aige chun a áirithiú go ndearnadh an t-earra cultúir a bheartaíonn sé a allmhairiú ón tír leasa a onnmhairiú go dlíthiúil.

(b) Más rud é go ndéantar le dlíthe agus rialacháin na tíre leasa onnmhairiú earraí cultúir óna críoch a chur faoi réir na hoibleagáide a bhaineann le réamhúdarú a fháil, déanfaidh an t-iarratasóir cóipeanna de na deimhnithe onnmhairiúcháin nó de na ceadúnais onnmhairiúcháin ábhartha arna n-eisiúint ag údarás poiblí inniúil na tíre leasa a uaslódáil chuig córas ICG, ar cóipeanna iad lena ndeimhneofar go ndearna sé onnmhairiú an earra cultúir atá i gceist a údarú go cuí.

(c) Beidh grianghraif dhaite den earra in aghaidh cúlra neodrach ag gabháil leis an iarratas, de réir na sonraíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

(d) I measc na gcineálacha eile doiciméad atá le cur isteach mar thaca le hiarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin, is féidir go n-áireofar an méid seo a leanas, ach gan bheith teoranta dó sin:

(i) doiciméadacht chustaim lena soláthraítear fianaise ar iarghluaiseachtaí an earra cultúir;

(ii) sonraisc díolacháin;

(iii) doiciméid árachais;

(iv) doiciméid iompair;

(v) tuarascálacha staide;

(vi) teidil mhaoine, lena n áirítear uachtanna ar a ndearnadh nótaireacht nó tiomnaí lámhscríofa a dhearbhaítear a bheith bailí faoi dhlíthe na tíre inar bunaíodh iad;

(vii) dearbhuithe faoi mhionn an onnmhaireora, an díoltóra nó tríú páirtí eile, arna ndéanamh i dtríú tír agus i gcomhréir lena dlíthe, lena dtugtar fianaise i dtaobh an dáta a d'fhág an t earra cultúir an tríú tír inar cruthaíodh nó inar aimsíodh é nó imeachtaí eile lena dtacaítear lena bhunáitíocht dhleathach;

(viii) breithmheasanna saineolacha;

(ix) foilseacháin músaem, catalóga taispeántais; ailt i dtréimhseacháin ghaolmhara;

(x) catalóga ceant, mionfhógraí agus ábhar díolacháin promóisin eile;

(xi) fianaise fhótagrafach nó chineamatagrafach, lena dtacaítear le dlíthiúlacht onnmhairiú an earra cultúir ón tír leasa nó lena gceadaítear an tráth a bhí sé lonnaithe inti nó a d'fhág sé a críoch a chinneadh.

2. Déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú neamhshrianta ar na doiciméid agus na taifid eile faisnéise a liostaítear faoi mhír 1 pointe (d), agus na himthosca agus an riosca braite maidir le trádáil aindleathach i ngach cás á gcur san áireamh.

3. Féadfaidh an t-údarás inniúil a cheangal ar an iarratasóir aistriúcháin oifigiúla ar na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 pointí (b) agus (d) a uaslódáil i dteanga oifigiúil den Bhallstát ábhartha.

Airteagal 9

Rialacha nós imeachta maidir le próiseáil iarratas ar cheadúnais allmhairiúcháin

1. Féadfaidh an t-údarás inniúla iarrataí iomadúla a dhéanamh ar fhaisnéis bhreise i gcomhréir le hAirteagal 4(6) de Rialachán (AE) 2019/880 laistigh den teorainn ama 21 lá a leagtar síos san fhoráil sin.

2. Soláthróidh an t-iarratasóir an fhaisnéis bhreise arna hiarraidh laistigh de 40 lá agus mura ndéantar sin, diúltófar don iarratas. Nuair a bheidh an fhaisnéis arna hiarraidh curtha isteach ag an iarratasóir, scrúdóidh an t-údarás inniúil í agus déanfaidh sé cinneadh laistigh de 90 lá. Más amhlaidh atá iarrataí iomadúla ar fhaisnéis déanta ag an údarás inniúil, cuirfear tús leis an tréimhse 90 lá ón tráth a chuireann an t-iarratasóir an mhír dheireanach faisnéise isteach.

3. I gcás ina ndéanfar iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin a chur faoi bhráid Ballstáit seachas an ceann ina bhfuil an t-iarratasóir bunaithe, le córas ICG tabharfar fógra d'údarás inniúil an Bhallstáit ina bhfuil an t-iarratasóir bunaithe.

4. I gcás ina mbeidh aon fhaisnéis i seilbh an údaráis inniúil a fhaigheann an fógra, ar faisnéis í a mheasann sé a bheith ábhartha chun an t-iarratas a phróiseáil, cuirfidh sé an fhaisnéis sin ar aghaidh, trí chóras ICG, chuig an údarás inniúil ar cuireadh an t-iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin faoina bhráid.

5. I gcás nach gcuirfidh an t-iarratas faoi bhráid an údaráis atá inniúil chun an ceadúnas allmhairiúcháin a eisiúint de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/880, déanfaidh an t-údarás a fhaigheann an t-iarratas é a chur ar aghaidh chuig an údarás inniúil iomchuí gan mhoill.

Airteagal 10

Rialuithe ar cheadúnais allmhairiúcháin

1. Le linn rialuithe custaim a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 46 go 49 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, áiritheoidh an oifig custaim lena dtaisctear an dearbhú custaim le haghaidh allmhairiú na n-earraí cultúir go mbeidh na hearraí a chuirtear i láthair ag freagairt dóibh sin ar a dtugtar tuairisc sa cheadúnas allmhairiúcháin agus go ndéantar tagairt don cheadúnas sin sa dearbhú custaim.

2. I gcás ina gcuirfear earraí cultúir faoin nós imeachta stórála custaim dá dtagraítear in Airteagal 240 de Rialachán (AE) 952/2013, sonrófar uimhir aicmiúcháin taraife na n-earraí in TARIC sa dearbhú custaim.

3. I gcás ina gcuirfear earraí cultúir faoin nós imeachta saorchreasa, maidir leis na rialuithe dá dtagraítear i mír 1, is í an oifig custaim inniúil a gcuirtear an ceadúnas allmhairiúcháin ina láthair a dhéanfaidh iad i gcomhréir le hAirteagal 245(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Déanfaidh sealbhóir na n-earraí uimhir aicmiúcháin taraife na n-earraí a chur in iúl in TARIC nuair a chuirtear i láthair na n-údarás custaim iad.

CAIBIDIL IV

SOCRUITHE MIONSONRAITHE LE hAGHAIDH AN RÁITIS ÓN ALLMHAIREOIR

Airteagal 11

Prionsabail ghinearálta

1. Déanfar na ráitis ón allmhaireoir a tharraingt suas ag úsáid na foirme arna soláthar chun na críche sin i gcóras ICG, i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina bhfuil an t-earra cultúir le hallmhairiú agus le cur faoi bhráid na n-údarás custaim.

2. Cé is moite de bhoinn chatagóir (e) de Chuid C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/880, tarraingeofar suas ráiteas ar leithligh ón allmhaireoir le haghaidh gach earra cultúir atá le hallmhairiú. Féadfar níos mó ná bonn amháin den ainmníocht, den chomhdhéanamh ábhar agus den tionscnamh céanna a chumhdach faoin ráiteas céanna ón allmhaireoir, de réir na sonraíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Déanfar ráiteas ón allmhaireoir a tharraingt suas agus a chur isteach le haghaidh gach ath-onnmhairiúcháin a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an earra cultúir céanna, mura bhfuil feidhm ag díolúine a leagtar síos i bpointí (a), (b) nó (c) d'Airteagal 3(4) de Rialachán (AE) 2019/880.

Airteagal 12

Liosta de dhoiciméid tacaíochta chun an bhunáitíocht dhleathach a chruthú ar cheart iad a bheith i seilbh an dearbhóra

1. Áireofar san iarratas ón allmhaireoir dearbhú sínithe lena nglacfaidh an t-allmhaireoir freagracht agus lena sonróidh sé go sainráite go bhfuil an dícheall cuí uile feidhmithe aige chun a áirithiú go ndearnadh an t-earra cultúir a bheartaíonn sé a allmhairiú ón tír leasa a onnmhairiú go dlíthiúil.

2. Beidh faisnéis chaighdeánaithe ag gabháil leis an ráiteas ón allmhaireoir ina dtabharfar tuairisc sách mionsonraithe ar an earra cultúir le go bhféadfaidh na húdaráis chustaim é a shainaithint, lena n-áirítear grianghraif dhaite de na hearraí cultúir in aghaidh cúlra neodrach, de réir na sonraíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

3. Más rud é go ndéantar le dlíthe agus rialacháin na tíre leasa onnmhairiú earraí cultúir óna críoch a chur faoi réir réamhúdarú a fháil, beidh na doiciméid cheada ábhartha arna n-eisiúint ag údarás poiblí inniúil na tíre leasa i seilbh an allmhaireora, lena ndeimhneofar go ndearna sé onnmhairiú an earra cultúir atá i gceist a údarú go cuí. Arna iarraidh sin, cuirfear an doiciméadacht sin i láthair na n-údarás custaim.

4. I measc na gcineálacha eile doiciméad a d'fhéadfadh a bheith ina sheilbh ag sealbhóir na n-earraí le tacú, má iarrtar air é, lena ráiteas allmhairiúcháin , is féidir go n-áireofar an méid seo a leanas, ach gan bheith teoranta dó sin:

(a) doiciméadacht chustaim lena soláthraítear fianaise ar iarghluaiseachtaí an earra cultúir;

(b) sonraisc díolacháin;

(c) doiciméid árachais;

(d) doiciméid iompair;

(e) tuarascálacha staide;

(f) teidil mhaoine, lena n-áirítear uachtanna ar a ndearnadh nótaireacht nó tiomnaí lámhscríofa a dhearbhaítear a bheith bailí faoi dhlíthe na tíre inar bunaíodh iad;

(g) dearbhuithe faoi mhionn an onnmhaireora, an díoltóra nó tríú páirtí eile, arna ndéanamh i dtríú tír agus i gcomhréir lena dlíthe, lena dtugtar fianaise i dtaobh an dáta a d'fhág an t-earra cultúir an tríú tír inar cruthaíodh nó inar aimsíodh é nó imeachtaí eile lena dtacaítear lena bhunáitíocht dhleathach;

(h) breithmheasanna saineolacha;

(i) foilseacháin músaem, catalóga taispeántais; ailt i dtréimhseacháin ghaolmhara;

(j) catalóga ceant, mionfhógraí agus ábhar díolacháin promóisin eile;

(k) fianaise fhótagrafach nó chineamatagrafach, lena dtacaítear le dlíthiúlacht onnmhairiú an earra cultúir ón tír leasa nó lena gceadaítear an tráth a bhí sé lonnaithe inti nó a d'fhág sé a críoch a chinneadh.

5. Déanfar measúnú neamhshrianta ar na doiciméid agus na taifid eile faisnéise a liostaítear faoi mhír 4, bunaithe ar na himthosca, agus an riosca braite maidir le trádáil aindleathach i ngach cás á chur san áireamh.

6. Féadfaidh an t-údarás inniúil a cheangal ar shealbhóir na n-earraí aistriúcháin oifigiúla ar na doiciméid dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 a uaslódáil i dteanga oifigiúil den Bhallstát ábhartha.

Airteagal 13

Rialuithe ar ráitis ón allmhaireoir

1. Le linn rialuithe custaim a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 46 go 49 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, áiritheoidh an oifig custaim lena dtaisctear an dearbhú custaim le haghaidh allmhairiú na n-earraí cultúir go mbeidh na hearraí a dhearbhaítear ag freagairt dóibh sin ar a dtugtar tuairisc sa ráiteas ón allmhaireoir agus go ndéanfar tagairt don ráiteas sin sa dearbhú custaim.

2. I gcás ina gcuirfear earraí cultúir faoin nós imeachta stórála custaim, sonrófar uimhir aicmiúcháin taraife na n-earraí in TARIC sa dearbhú custaim.

3. I gcás ina gcuirfear na hearraí cultúir faoin nós imeachta saorchreasa, maidir leis na rialuithe dá dtagraítear i mír 1, is í an oifig custaim a gcuirtear an ráiteas ón allmhaireoir ina láthair a dhéanfaidh iad i gcomhréir le hAirteagal 245(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Déanfaidh sealbhóir na n-earraí uimhir aicmiúcháin taraife na n-earraí a chur in iúl in TARIC nuair a chuirtear i láthair na n-údarás custaim iad.

CAIBIDIL V

SOCRUITHE AGUS RIALACHA MIONSONRAITHE MAIDIR LEIS AN gCÓRAS LEICTREONACH LE hAGHAIDH ALLMHAIRIÚ EARRAÍ CULTÚIR

Airteagal 14

Cur in úsáid ICG

Maidir leis an gCoimisiún:

(a) forbróidh sé córas ICG mar mhodúl neamhspleách de TRACES;

(b) áiritheoidh sé feidhmiú agus coinneáil ar bun chóras ICG chomh maith le tacaíocht lena aghaidh agus aon nuashonrú nó forbairt is gá a dhéanamh air;

(c) beidh rochtain aige ar na sonraí, ar an bhfaisnéis agus ar na doiciméid uile i gcóras ICG chun tuarascálacha bliantúla a chur ar fáil agus chun an córas a fhorbairt, a fheidhmiú agus a choinneáil ar bun;

(d) áiritheoidh sé an t-idirnasc idir córas ICG agus na córais chustaim náisiúnta, trí Thimpeallacht an Ionaid Ilfhreastail maidir le Custam de chuid an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 15

Pointí Teagmhála

1. Ainmneoidh na Ballstáit agus an Coimisiún pointí teagmhála chun bainistíocht a dhéanamh ar oibríocht cheart chóras ICG, forbairt an mhéid sin a stiúradh, tosaíochtaí a shainaithint lena aghaidh agus faireachán a dhéanamh air.

2. Déanfaidh pointe teagmhála an Choimisiúin liosta de na pointí teagmhála uile a choinneáil ar bun agus a choimeád cothrom le dáta agus cuirfidh sé ar fáil do na pointí teagmhála eile é.

Airteagal 16

Uimhir EORI a úsáid

Sealbhóirí earraí cultúir a chuireann isteach ar cheadúnas allmhairiúcháin nó a chuireann ráiteas ón allmhaireoir isteach, úsáidfidh siad uimhir EORI chun iad a shainaithint.

Airteagal 17

Ceadúnais allmhairiúcháin leictreonacha

1. Líonfar isteach iarratais ar cheadúnas allmhairiúcháin leictreonach de réir an fhoclóra sonraí in Iarscríbhinn I agus síneoidh sealbhóir na n-earraí lena ríomhshíniú iad.

2. Déanfaidh oifigeach údarúcháin an údaráis inniúil ceadúnais allmhairiúcháin leictreonacha a shíniú lena ríomhshíniú, séalófar le ríomhshéala ardleibhéil nó cáilithe ón údarás inniúil eisiúna iad, agus ansin séalófar le córas ICG iad le ríomhshéala ardleibhéil nó cáilithe.

3. Déanfar na bearta seo a leanas sa phróiseas maidir le heisiúint ceadúnais allmhairiúcháin leictreonaigh a mharcáil le ríomhstampa ama cáilithe:

(a) cur isteach an iarratais arna dhéanamh ag sealbhóir na n-earraí;

(b) aon iarraidh arna déanamh ag an údarás inniúil ar fhaisnéis atá ar iarraidh nó ar fhaisnéis bhreise ón iarratasóir i gcomhréir le hAirteagal 4(6) de Rialachán (AE) 2019/880;

(c) aon fhaisnéis nó doiciméad breise arna cur isteach nó arna chur isteach ag an iarratasóir, tar éis iarraidh a bheith faighte ón údarás inniúil chuige sin;

(d) aon chinneadh arna dhéanamh ag an údarás inniúil ar an iarratas;

(e) dul in éag tréimhse 90 lá tar éis an t-iarratas iomlán a bheith faighte, d'uireasa cinneadh ón údarás inniúil.

Airteagal 18

Ráitis leictreonacha ón allmhaireoir

1. Déanfar na ráitis leictreonacha ón allmhaireoir a tharraingt suas ag úsáid chóras ICG i gceann amháin, ar a laghad, de theangacha oifigiúla an Bhallstáit ina gcuirtear na hearraí den chéad uair faoi cheann de na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagal 2(3) de Rialachán (AE) 2019/880. Líonfar isteach iad de réir an fhoclóra sonraí in Iarscríbhinn I.

2. Déanfaidh sealbhóir na n-earraí ráitis leictreonacha ón allmhaireoir a shíniú lena ríomhshíniú agus séalófar le TRACES iad le ríomhshéala ardleibhéil nó cáilithe.

Airteagal 19

Rochtain ar cheadúnais allmhairiúcháin, ráitis ón allmhaireoir agus tuairiscí ginearálta i gcóras ICG

1. Beidh rochtain ag gach sealbhóir de chuid na n-earraí ar a cheadúnais allmhairiúcháin féin, ar a ráitis féin ón allmhaireoir agus ar a thuairiscí ginearálta féin dá dtagraítear in Airteagal 4, i gcóras ICG.

2. Beidh rochtain ag na húdaráis chustaim agus ag na húdaráis inniúla ar cheadúnais allmhairiúcháin ar a mbeidh cinneadh déanta, ar ráitis ón allmhaireoir agus ar thuairiscí ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 4.

3. Gan dochar do cheart rochtana an Choimisiúin de bhun Airteagal 14 pointe (c), maidir le húdaráis nach raibh baint acu le sonraí, faisnéis ná doiciméid i gcóras ICG a láimhseáil, a tháirgeadh ná a tharchur, nó maidir le daoine nach raibh baint acu leis na hoibríochtaí allmhairiúcháin ábhartha, ní bheidh rochtain acu ar na sonraí, ar an bhfaisnéis ná ar na doiciméid sin.

4. De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh sealbhóirí na n-earraí rochtain ar a gceadúnais allmhairiúcháin, ar a ráitis ón allmhaireoir nó ar a dtuairiscí ginearálta dá dtagraítear in Airteagal 4 a sholáthar do shealbhóir de chuid na n-earraí ina dhiaidh sin trí chóras ICG.

Airteagal 20

Rialú comhpháirteach

1. Measfar go bhfuil an Coimisiún agus na Ballstáit ina rialaitheoirí sonraí ar phróiseáil na sonraí pearsanta is gá chun córas ICG a bhunú, a oibriú agus a choinneáil ar bun.

2. Beidh an Coimisiún freagrach as an méid seo a leanas:

(a) na modhanna teicniúla i gcóras ICG a chinneadh agus a chur chun feidhme chun ábhair sonraí a chur ar an eolas agus chun iad a chumasú lena gcearta a fheidhmiú;

(b) slándáil na próiseála a áirithiú;

(c) catagóirí a fhoirne agus a sholáthraithe seachtracha a fhéadfar rochtain ar an gcóras a dheonú dóibh a chinneadh.

(d) aon sárú ar shonraí pearsanta chórais ICG a fhógairt agus a chur in iúl don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, de bhun Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus do na hábhair sonraí, de bhun Airteagal 35 den Rialachán sin faoi seach;

(e) a áirithiú go bhfuil a fhoireann agus a sholáthraithe seachtracha oilte go hiomchuí chun a gcúraimí a dhéanamh laistigh de chóras ICG i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725;

3. Beidh údaráis chustaim agus údaráis inniúla na mBallstát freagrach as an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú go bhfeidhmítear cearta an ábhair sonraí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) agus leis an Rialachán seo;

(b) slándáil agus rúndacht na sonraí pearsanta a áirithiú de bhun Roinn 2 de Chaibidil IV de Rialachán (AE) 2016/679;

(c) an fhoireann agus na saineolaithe a ainmniú a mbeidh rochtain acu ar chóras ICG;

(d) a áirithiú go bhfuil an fhoireann agus na saineolaithe atá ag fáil rochtain ar chóras ICG oilte go hiomchuí lena gcúraimí a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus, i gcás inarb ábhartha, le Treoir (AE) 2016/680 ([12]).

4. Déanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit socrú rialúcháin chomhpháirtigh i bhfoirm comhaontaithe ar a dhéanaí 3 bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 21

Liostaí oifigí custaim ainmnithe a thabhairt cothrom le dáta

Déanfaidh na Ballstáit córas ICG a choimeád cothrom le dáta le liostaí de na hoifigí custaim atá inniúil chun allmhairiú earraí cultúir a láimhseáil, de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/880.

([11]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) IO L 119, 4.5.2016, lch. 1.

([12]) Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle. IO L 119, 4.5.2016, lch. 89.

Airteagal 22

Infhaighteacht córas leictreonach

1. Tabharfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit comhaontuithe oibríochtúla i gcrích lena leagfar síos na ceanglais phraiticiúla maidir le hinfhaighteacht agus feidhmíocht córas ICG agus maidir le leanúnachas gnó chomh maith leis sin.

2. Coimeádfar córas ICG ar fáil go buan, seachas sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcásanna sonracha i ndáil le húsáid an chórais leictreonaigh a leagtar síos sna comhaontuithe dá dtagraítear i mír 1 nó, ar an leibhéal náisiúnta, in éagmais na gcomhaontuithe sin;

(b) i gcás *force majeure*.

Airteagal 23

Socruithe teagmhasacha

1. Déanfaidh pointí teagmhála chóras ICG stór poiblí ar líne a choinneáil ar bun ina mbeidh teimpléad inscríofa leictreonach le haghaidh na ndoiciméad uile a fhéadfar a eisiúint i gcóras ICG.

2. I gcás nach mbeidh córas ICG, ná ceann dá fheidhmiúlachtaí, ar fáil ar feadh tréimhse is faide ná ocht n-uair an chloig, féadfaidh úsáideoirí an teimpléad inscríofa leictreonach dá dtagraítear i mír 1 a úsáid.

3. Cinnfidh na Ballstáit a sonraí oibríochtúla náisiúnta chun ráitis ón allmhaireoir a chur isteach agus iarratais ar cheadúnais allmhairiúcháin a phróiseáil le linn aon tréimhse nach mbeidh córas ICG ar fáil.

4. Nuair a bheidh fáil athuair ar chóras ICG nó ar an bhfeidhmiúlacht sin nach raibh ar fáil roimhe sin, úsáidfidh oibreoirí na doiciméid arna gcruthú i gcomhréir le mír 2 chun an fhaisnéis chéanna a thaifeadadh sa chóras.

Airteagal 24

Slándáil chóras ICG

1. Agus córas ICG á fhorbairt, á choinneáil ar bun agus á úsáid, déanfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún socruithe slándála leordhóthanacha a bhunú agus a choinneáil ar bun lena oibriú go héifeachtach, go hiontaofa agus go slán. Áiritheoidh siad freisin go mbeidh bearta i bhfeidhm chun foinse na sonraí a sheiceáil agus chun sonraí a chosaint ar an riosca a bhaineann le rochtain neamhúdaraithe, caillteanas, athrú nó scrios.

2. Déanfar taifead de gach sonra a ionchuirtear, a mhodhnaítear agus a scriostar agus déanfar taifead ina theannta sin d'fhaisnéis lena dtabharfar an chúis leis an bpróiseáil sin, agus am beacht na próiseála sin, agus lena sainaithneofar an duine a rinne an méid sin.

3. Cuirfidh na Ballstáit a chéile, an Coimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, an t-oibreoir lena mbaineann ar an eolas faoi na sáruithe iarbhír nó amhrasta uile ar shlándáil chóras ICG.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 25

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón dáta dá dtagraítear in Airteagal 16(2) pointe (b) de Rialachán (AE) 2019/880.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Foclóir sonraí agus sonraíochtaí chun tuairiscí ginearálta, ceadúnais allmhairiúcháin agus ráitis ón allmhaireoir a tharraingt suas

Beidh na hiontrálacha a shonraítear sa roinn seo ina bhfoclóir sonraí chun an tuairisc ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 4, an ceadúnas allmhairiúcháin dá dtagraítear i gCaibidil III agus an ráiteas ón allmhaireoir dá dtagraítear i gCaibidil IV a líonadh isteach.

Mura sonraítear, nó mura mbunaítear, a mhalairt le reachtaíocht an Aontais, tá feidhm ag na hiontrálacha agus na boscaí uile maidir leis na tuairiscí ginearálta leictreonacha, na ceadúnais allmhairiúcháin leictreonacha agus na ráitis leictreonacha ón allmhaireoir.

Tá na boscaí uile ina mboscaí sainordaitheacha, seachas na boscaí a ghabhann réiltín (*****) leo.

Bosca	Tuairisc
	CUID I **Sealbhóir na n-earraí**
	Cineál doiciméid
	Roghnaigh an cineál doiciméid: tuairisc ghinearálta, ceadúnas allmhairiúcháin, ráiteas ón allmhaireoir
I.1	**Uimhir thagartha**
	Is éard atá i gceist leis seo an cód alfa-uimhriúil uathúil arna shannadh don doiciméad le córas ICG.
I.2	**Stádas**
	Is éard atá i gceist leis seo stádas an doiciméid i gcóras ICG.
I.3	**CÓD QR**
	Is éard atá i gceist leis seo an lipéad optúil meaisín-inléite uathúil arna shannadh le córas ICG, le hipearnasc chuig an leagan leictreonach den doiciméad.
I.4	**Tagairt Náisiúnta (*)**
	Is féidir leis an údarás inniúil an bosca seo a úsáid chun an cód alfa-uimhriúil náisiúnta uathúil arna shannadh don doiciméad a chur in iúl.
I.5	**Tagairt Áitiúil (*)**
	Is féidir le sealbhóir an earra an bosca seo a úsáid chun an cód alfa-uimhriúil uathúil arna shannadh don doiciméad lena úsáid go hinmheánach ag an sealbhóir a chur in iúl.
I.6	**An tír onnmhairiúcháin agus an t-údarás inniúil nó an oifig custaim**
	Roghnaigh an Ballstát allmhairiúcháin, i.e. an Ballstát ina bhfuil an t-earra cultúir le hallmhairiú den chéad uair, agus I gcás ceadúnas allmhairiúcháin: Roghnaigh an t-údarás inniúil iomchuí sa Bhallstát allmhairiúcháin I gcás ráiteas ón allmhaireoir: Roghnaigh an oifig custaim
I.7	**Maoluithe (*)**
	I gcás ráiteas ón allmhaireoir amháin **Úsáid an bosca seo i gcás ina bhfuil na hearraí cultúir faoi réir an mhaolaithe seo a leanas:** **— Allmhairiú (an nós imeachta um chead isteach sealadach) le haghaidh aonach ealaíne tráchtála**
I.8	**Ceann scríbe**
	I gcás ráiteas ón allmhaireoir amháin Roghnaigh an Ballstát a bhfuil na hearraí cultúir le ligean isteach ann go sealadach nuair a chuirtear an maolú i bhfeidhm. Cuir in iúl ainm an aonaigh ealaíne agus seoladh ionad an aonaigh ealaíne.

I.9	**Fad an nós imeachta um chead isteach sealadach arna dheonú (*)**
	I gcás ráiteas ón allmhaireoir amháin. Déantar an bosca a líonadh isteach go huathoibríoch le córas ICG ar bhonn an nós imeachta um chead isteach sealadach arna dheonú ag na húdaráis chustaim i gcórais chustaim náisiúnta.
I.10	**Naisc chuig doiciméid eile (*)**
	Féadfar an bosca seo a líonadh isteach go huathoibríoch le córas ICG ar bhonn doiciméid eile nasctha leis an gceann seo (e.g. earraí cultúir faoi réir ceadúnas allmhairiúcháin, arna n-allmhairiú isteach san Aontas faoi mhaolú aonaigh ealaíne tráchtála le ráiteas ón allmhaireoir, agus nach bhfuil le cur faoi réir nós imeachta ceadúnais ach tráth níos déanaí).
I.11	**Tír leasa**
	Cuir in iúl an tír leasa, mar a shainmhínítear in Airteagal 1(3). Cuir in iúl freisin más rud é: (a) gurb í seo an tír inar cruthaíodh agus/nó inar aimsíodh an t-earra cultúir nó, (b) i gcás nach eol an tír inar cruthaíodh agus/nó inar aimsíodh an t-earra cultúir nó inarb eol í ach gur onnmhairíodh an t-earra cultúir ón tír sin roimh an 24 Aibreán 1972, gurb í an tír dheireanach í ina raibh an t-earra cultúir lonnaithe go dleathach ar feadh tréimhse is faide ná 5 bliana sular seoladh chuig an Aontas é.
I.12	**Catagóir an réada**
	Cuir in iúl catagóir an earra cultúir de réir Chuid B nó C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/880.
Tuairisc ar an earra cultúir (Roinn)	
	Sa roinn seo áirítear boscaí I.13 go I.16. I gcás ceadúnas allmhairiúcháin: Tabharfar an roinn seo arís agus líonfar isteach ar leithligh í le haghaidh gach míre i gcoinsíneacht. I gcás ráiteas ón allmhaireoir: Ní bheidh i ngach ráiteas ón allmhaireoir ach roinn amháin le haghaidh na tuairisce ar an earra cultúir. Cé is moite de bhoinn chatagóir (e) de Chuid C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/880 ar den ainmníocht, den chomhdhéanamh ábhar agus den tionscnamh céanna iad, nuair atá níos mó ná earra cultúir amháin i gceist le coinsíneacht, tarraingeofar suas ráitis ar leithligh ón allmhaireoir le haghaidh gach ceann díobh.
I.13	**Aitheantais uathúil an earra cultúir**
	Is éard atá i gceist leis seo an cód alfa-uimhriúil uathúil arna shannadh le córas ICG do gach earra cultúir ar leith.
I.14	**Cód TARIC**
	Cuir in iúl an cód aicmiúcháin TARIC iomchuí le haghaidh an earra cultúir arna allmhairiú.
I.15	**Tuairisc ar an earra cultúir**
	Cuir in iúl an fhaisnéis seo a leanas faoin earra cultúir: — An cineál earra cultúir: cuir in iúl an cineál earra cultúir, e.g. píosa dealbhóireachta, péintéireacht, leabhar, etc. — Ábhair: cuir in iúl na hábhair a úsáideadh chun an t-earra cultúir a dhéanamh. — Teicníc nó teicnící: cuir in iúl an teicníc nó na teicnící a úsáideadh chun an t-earra cultúir a dhéanamh. — Teideal an earra cultúir: cuir in iúl an teideal nó an t-ainm a thugtar ar an earra cultúir (más eol é). — Ábhar: cuir in iúl ábhar/seánra/téama an earra cultúir. — Dátú: I gcás nach eol aon dáta beacht le haghaidh na gcatagóirí a liostaítear i gCuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/880, cuir in iúl an aois agus an chuid den aois (an chéad ráithe, an chéad leath) nó an mhílaois. — Maidir le hearraí cultúir seandachta a liostaítear i gCuid C den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/880 ar ina leith nach leor an aois a chur in iúl, sonraigh bliain, fiú más go garbh féin é (mar shampla, timpeall 1790, thart ar 1660). — I gcás tacar (cartlanna agus leabharlanna), cuir in iúl na dátaí is luaithe agus is déanaí. — I gcás earraí cultúir ar ábhair spéise ó thaobh na pailé-ointeolaíochta iad, cuir in iúl an ré gheolaíoch (más eol sin).

	— Déantóir: cuir in iúl déantóir an earra cultúir. Murab eol an déantóir, cuir in iúl "Anaithnid". — Tionscnamh: cuir in iúl tionscnamh staire an earra cultúir, e.g. i gcás dealbh de chuid na Measpatáime, d'fhéadfaí í a mharcáil "An Bhablóin, Impireacht na nAcaeiméineach" — Tuairisc: tuairisc ghairid ar an earra cultúir, lena n-áirítear aon fhaisnéis bhreise. — Luach custaim: I gcás ceadúnais allmhairiúcháin agus ráitis ón allmhaireoir, cuir in iúl luach an earra cultúir chun críoch custaim.
I.16	**Grianghraif agus tomhais**
	Soláthar grianghraif den earra cultúir: — i bhfoirm trí cheathrú, i gcás inarb iomchuí (réada tríthoiseacha); — ón taobh tosaigh; — ón taobh clé, i gcás inarb iomchuí (réada tríthoiseacha); — ón taobh deas, i gcás inarb iomchuí (réada tríthoiseacha); — ón gcúl; — ón mbarr, i gcás inarb iomchuí (réada tríthoiseacha); — ón mbun, i gcás inarb iomchuí (réada tríthoiseacha). I gcás earraí cultúir lena gcuirtear tréithe idirdhealaitheacha i láthair, soláthar grianghraf den tréith idirdhealaitheach agus tuairisc théacsúil uirthi. I gcás earraí cultúir lena gcuirtear marcanna i láthair, soláthar grianghraf den mharc agus tuairisc théacsúil air. I gcás earraí cultúir lena gcuirtear inscríbhinní i láthair, soláthar grianghraf den inscríbhinn, agus téacs na hinscríbhinne ina teanga bhunaidh agus aistriúchán, más féidir. Tomhais: Cuir in iúl meáchan, cruth agus tomhais an earra cultúir. I gcás bonn, cuir in iúl freisin an líon píosaí a fhéadfar a chumhdach le ráiteas aonair ón allmhaireoir.
I.17	**Doiciméid tacaíochta (*)**
	Úsáid an bosca seo chun doiciméid tacaíochta a uaslódáil chuig córas ICG.
I.18	**Sealbhóir na n-earraí**
	Cuir in iúl ainm agus seoladh, tír, cód tíre ISO alpha-2 agus uimhir EORI shealbhóir na n-earraí.
I.19	**Úinéir na n-earraí cultúir (*)**
	Cuir in iúl ainm agus seoladh, tír, cód tíre ISO alpha-2 úinéir na n-earraí cultúir.
I.20	**Dearbhú shealbhóir an earra**
	I gcás ceadúnas allmhairiúcháin agus ráiteas ón allmhaireoir. "Dearbhaímse leis seo faoi phionós dleathach go bhfuil an fhaisnéis uile a cuireadh isteach ceart, iomlán agus fírinneach agus go ndearnadh, de réir mar is fearr is eol dom, an t-earra cultúir atá beartaithe agam a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach a onnmhairiú i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin <na tíre leasa mar a léirítear i mbosca I.11>". I gcás ráiteas ón allmhaireoir: Cuir in iúl má cheanglaíonn an tír leasa ceadúnas, údarú nó cineál eile ceada chun go bhféadfar an t-earra cultúir atá i gceist a onnmhairiú go dleathach óna críoch agus, má cheanglaíonn, cuir in iúl cé acu an bhfuil doiciméad den sórt sin i do sheilbh agat nó nach bhfuil. I gcás ceadúnas allmhairiúcháin: Cuir in iúl má cheanglaíonn an tír leasa ceadúnas, údarú nó cineál eile ceada chun go bhféadfar an t-earra cultúir atá i gceist a onnmhairiú go dleathach óna críoch agus, má cheanglaíonn, uaslódáil an doiciméad atá i gceist. Déanfar an dearbhú a shíniú le ríomhshíniú shealbhóir na n-earraí, cuirfear dátastampa leis agus déanfar é a ríomhshéalú le ríomhshéala ardleibhéil nó cáilithe ó chóras ICG.
I.21	Freagra ar iarraidh nó ar iarrataí ar fhaisnéis bhreise (*)
	I gcás ceadúnas allmhairiúcháin amháin, sainordaitheach i gcás ina n-iarrann an t-údarás inniúil faisnéis bhreise i mbosca II.1.

	Cuir in iúl an fhaisnéis a cuireadh ar fáil mar fhreagra ar iarraidh ar fhaisnéis bhreise ón údarás inniúil. Tar éis líonadh isteach an bhosca seo, ní mór an ceadúnas a shíniú arís.

CUID II

Údarás Inniúil

II.1	Iarraidh ar fhaisnéis bhreise (*)
	I gcás ceadúnas allmhairiúcháin amháin. Is féidir leis an údarás inniúil an bosca seo a úsáid chun faisnéis bhreise a iarraidh ar iarratasóir/sealbhóir na n-earraí.
II.2	**Cinneadh maidir le hiarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin**
	I gcás ceadúnas allmhairiúcháin amháin. Cuir in iúl cé acu atá an ceadúnas allmhairiúcháin deonaithe nó nach bhfuil. Má dhiúltaítear don iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin, cuir in iúl na cúiseanna atá leis an diúltú, dá bhforáiltear in Airteagal 4(7) de Rialachán (AE) 2019/880.
II.3	**Ríomhshíniú agus ríomhshéala**
	I gcás ceadúnas allmhairiúcháin amháin. Ríomhshíniú oifigeach údarúcháin an údaráis inniúil a roghnaítear i mbosca I.6. Ríomhshéala ardleibhéil nó cáilithe an údaráis inniúil a roghnaítear i mbosca I.6. Ríomhshéala ardleibhéil nó cáilithe chóras ICG. Ríomhstampa ama.

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

(1) Le linn seiceáil a dhéanamh ar bhunáitíocht earra cultúir, cuirfear san áireamh an ghné d'iompraíocht an iarratasóra atá dícheallach go cuí, eadhon, cé acu a d'fheidhmigh an t-iarratasóir aire agus cúram cuí agus na réada á bhfáil nó nár fheidhmigh. I dteannta infhaighteacht deimhniúcháin nó doiciméadachta iomchuí, is iad na gnéithe eile atá le cur san áireamh cineál na bpáirtithe in idirbheart, an praghas a íocadh nó a dearbhaíodh, an riosca a bhaineann leis an tír onnmhairiúcháin nó leis an gcatagóir earraí ar leith agus cé acu a cheadaigh an t-iarratasóir aon chlár inrochtana de réada cultúir goidte nó nár cheadaigh agus aon fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith faighte go réasúnach, nó an ndearna sé aon bheart eile a bheadh déanta ag duine réasúnach in imthosca an cháis.

(2) Breithmheasanna saineolacha i bhfoirm cinneadh bunáitíochta lena bhfuil bunús arna dhéanamh ag saineolaí aitheanta neamhspleách, amhail duine aonair atá cleamhnaithe le hollscoil nó le hinstitiúid taighde, comhairleoir d'imeachtaí cúirte nó arna fhormheas le próis bhreithiúnach, nó saineolaí formheasta agus aitheanta, féadfar a mheas gur fianaise shásúil ar thionscnamh nó stair an earra cultúir iad, ar choinníoll nach ann d'aon choinbhleacht leasa braite. Maidir le dearbhú faoi mhionn nó dearbhú sínithe comhchosúil arna dhéanamh ag tríú páirtithe, amhail an t-onnmhaireoir nó an díoltóir, faoi dhlí tríú tír féadfar é a chur san áireamh ar choinníoll go mbeidh foirmeacha fianaise eile mar chomhthaca leis agus go bhfuil an duine thíos-sínithe ar an eolas faoi na hiarmhairtí a bhaineann le dearbhú bréagach. In aon chás, beidh meas neamhshrianta ag na húdaráis inniúla ar an bhfianaise arna cur isteach agus meáfaidh siad í le stuaim, de réir na n-imthosca ar leith agus an riosca bhraite a bhaineann le trádáil aindleathach i ngach cás.

IARSCRÍBHINN II

Teimpléid le haghaidh ceadúnas allmhairiúcháin agus ráiteas ón allmhaireoir

Nóta: Tá seicheamh na mboscaí sa teimpléad chomh maith lena méid agus lena gcruth táscach.

CEADÚNAS ALLMHAIRIÚCHÁIN LE hAGHAIDH EARRAÍ CULTÚIR

I.1 **Uimhir Thagartha**		I.2 **Stádas:**	I.3 **CÓD QR**
I.4 **Tagairt Náisiúnta**			
I.5 **Tagairt Áitiúil**			

I.6 **An tír onnmhairiúcháin agus an t-údarás inniúil**

I.10 **Naisc chuig doiciméid eile:**	I.11 **Tír leasa:**

TUAIRISC AR AN EARRA CULTÚIR

I.12 **Catagóir an earra cultúir** i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/880:

catagóir (c) ☐	catagóir (d) ☐
I.13 **Aitheantas uathúil an earra cultúir:**	I.14 **Cód TARIC:**

I.15 **Tuairisc ar an earra cultúir nó ar na hearraí cultúir**

Cineál an earra cultúir:	
Ábhair:	
Teicníc nó teicnící:	
Teideal an earra cultúir:	
Ábhar:	
Dátú:	
Déantóir:	
Tionscnamh:	
Tuairisc:	
Luach custaim:	

I.16 **Grianghraif agus tomhais**

Grianghraf (trí cheathrú)	Tomhais (ba cheart iad a bheith ag teacht leis na grianghraif)
Grianghraf (tosach)	
Grianghraf (clé)	
Grianghraf (deas)	
Grianghraf (cúl)	
Grianghraf (barr)	
Grianghraf (bun)	
Grianghraf (breise) nó grianghraif (bhreise)	Tomhais (ba cheart iad a bheith ag teacht leis na grianghraif)
Grianghraf nó grianghraif (marcálacha)	An cineál mairc:
Grianghraf nó grianghraif (tréithe idirdhealaitheacha)	An cineál tréithe idirdhealaithí
	Tuairisc:
Grianghraf nó grianghraif (Inscríbhinní)	Téacs bunaidh:
	Téacs aistrithe:

I.17 **Doiciméid tacaíochta:**

I.18 **Sealbhóir na n-earraí:** Ainm Sráid agus uimhir: Cathair Cód poist Tír Uimhir EORI	I.19 **Úinéir na n-earraí cultúir:** Ainm Sráid agus uimhir: Cathair Cód poist Tír
I.20 **Dearbhú:** *Dearbhaímse leis seo faoi phionós dleathach go bhfuil an fhaisnéis uile a cuireadh isteach ceart, iomlán agus fírinneach agus go ndearnadh, de réir mar is fearr is eol dom, an t-earra cultúir atá beartaithe agam a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach a onnmhairiú i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin* ..... ☐ *Nach gceanglaíonn ceadúnas onnmhairiúcháin/deimhniú onnmhairiúcháin/cead onnmhairiúcháin* ☐ *A cheanglaíonn ceadúnas onnmhairiúcháin/deimhniú onnmhairiúcháin/cead onnmhairiúcháin,* *atá uaslódáilte agam chuig córas ICG* *nach bhfuil uaslódáilte agam chuig córas ICG*	**Ríomhshíniú shealbhóir na n-earraí** **Ríomhshéala ardleibhéil nó cáilithe chóras ICG** **Dáta (stampa ama)**

I.21 **Freagra ar iarraidh nó ar iarrataí ar fhaisnéis bhreise**

CUID II
Údarás Inniúil

II.1 **Iarraidh ar fhaisnéis bhreise**

II.2 **Cinneadh maidir le hiarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin**

II.3 **Ríomhshíniú agus ríomhshéala**
Ríomhshíniú oifigeach údarúcháin an údaráis inniúil a roghnaítear i mbosca I.6.
Ríomhshéala ardleibhéil nó cáilithe an údaráis inniúil a roghnaítear i mbosca I.6.
Ríomhshéala ardleibhéil nó cáilithe chóras ICG.

RÁITEAS ÓN ALLMHAIREOIR LE hAGHAIDH EARRAÍ CULTÚIR

I.1 **Uimhir Thagartha**		I.2 **Stádas:**	I.3 **CÓD QR**
I.4 **Tagairt Náisiúnta**			
I.5 **Tagairt Áitiúil**			

I.6 **An tír onnmhairiúcháin agus an t-údarás inniúil**

I.7 **Maoluithe**: Aonach ealaíne tráchtála ☐	I.8 **Ceann scríbe:**

I.9 **Fad an nós imeachta um chead isteach sealadach a deonaíodh:**

I.10 **Naisc chuig doiciméid eile:**	I.11 **Tír leasa:**

TUAIRISC AR AN EARRA CULTÚIR

I.12 **Catagóir an earra cultúir** i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/880:

Cuid B ☐ catagóirí

Cuid C ☐ catagóirí

I.13 **Aitheantas uathúil an earra cultúir:**	I.14 **Cód TARIC:**

I.15 **Tuairisc ar an earra cultúir nó ar na hearraí cultúir**

Cineál an earra cultúir:	
Ábhair:	
Teicníc nó teicnící:	
Teideal an earra cultúir:	
Ábhar:	
Dátú:	

Déantóir:	
Tionscnamh:	
Tuairisc:	
Luach custaim:	

I.16 **Grianghraif agus tomhais**

Grianghraf (trí cheathrú)	Tomhais (ba cheart iad a bheith ag teacht leis na grianghraif)
Grianghraf (tosach)	
Grianghraf (clé)	
Grianghraf (deas)	
Grianghraf (cúl)	
Grianghraf (barr)	
Grianghraf (bun)	
Grianghraf (breise) nó grianghraif (bhreise)	Tomhais (ba cheart iad a bheith ag teacht leis na grianghraif)
Grianghraf nó grianghraif (marcálacha)	An cineál mairc:
Grianghraf nó grianghraif (tréithe idirdhealaitheacha)	An cineál tréithe idirdhealaithí
	Tuairisc:
Grianghraf nó grianghraif (Inscríbhinní)	Téacs bunaidh:
	Téacs aistrithe:

I.17 **Doiciméid tacaíochta:**

I.18 **Sealbhóir na n-earraí:** Ainm Sráid agus uimhir: Cathair Cód poist Tír Uimhir EORI	I.19 **Úinéir na n-earraí cultúir:** Ainm Sráid agus uimhir: Cathair Cód poist Tír
I.20 **Dearbhú:** Dearbhaímse leis seo faoi phionós dleathach go bhfuil an fhaisnéis uile a cuireadh isteach ceart, iomlán agus fírinneach agus go ndearnadh, de réir mar is fearr is eol dom, an t-earra cultúir atá beartaithe agam a allmhairiú isteach san Aontas Eorpach a onnmhairiú i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin ..... ☐ *Nach gceanglaíonn ceadúnas onnmhairiúcháin/deimhniú onnmhairiúcháin/cead onnmhairiúcháin* ☐ *A cheanglaíonn ceadúnas onnmhairiúcháin/deimhniú onnmhairiúcháin/cead onnmhairiúcháin, atá i mo sheilbh agam*	**Ríomhshíniú shealbhóir na n-earraí** **Ríomhshéala ardleibhéil nó cáilithe chóras ICG** **Dáta (stampa ama)**